Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

## Cad is achomharc i leith ciontaithe ann?

- Ciallaíonn sé gur chuir an duine ciontaithe i do chás achomharc isteach i gcoinne a
- Beidh an Rannán Achomharc ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag déileáil leis
- Cé gur féidir le duine ciontaithe atá sa phríosún iarratas a dhéanamh ar bhannaí agus é
- Nuair a bheidh an páipéarachas ar fad curtha i gcrích ag foireann dhlíthiúil an duine
- Léifidh breithiúna na Cúirte Achomharc an taifead scríofa (na tras-scríbhinní) ar an

## Cad a bheidh i gceist ag éisteacht chúirte

- Ní chaithfidh tú freastal ar éisteacht an achomhairc, ach is féidir leat freastal uirthi más mian leat.
- Coinneoidh an Garda iniúchta ar an eolas thú faoin achomharc.
- Is féidir leis an nGarda iniúchta cruinniú a eagrú leis an abhcóide ionchúisimh agus aturnae roimh éisteacht an achomhairc más mian leat é sin a dhéanamh.
- Éistfidh trí bhreitheamh an t-achomharc a bheidh ina suí sa Chúirt Achomharc (Coiriúil) a shuíonn sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath de ghnáth.
- Ar dháta na héisteachta éistfidh na trí bhreitheamh aighneachtaí dlíthiúla ón bhfoireann ionchúisimh agus ón bhfoireann chosanta araon.
- Is annamh go nglaofar ar fhinnéithe ar bith chun fianaise a thabhairt ag an éisteacht seo.
- Má theastaíonn níos mó ama ó na breithiúna chun an cás a bhreithniú, tiocfaidh siad le chéile ar dháta eile lena gcinneadh a thabhairt.
- Má chreideann na breithiúna ná raibh earráid sa bhuntriail, beidh an ciontú bunaidh fós i bhfeidhm.
- Ní dhéanfar ciontú a chealú ach má chinneann siad go raibh earráid sa bhuntriail.
- Má chuirtear ciontú ar ceal, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí atriail a ordú.

## Cé leis le teagmháil a dhéanamh má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat

- Má bhíonn tuilleadh fiosruithe agat, déan teagmháil le do thoil leis an nGarda iniúchta a chuirfidh fiosruithe ar bith ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7
Office of the Director of Public Prosecutions, Infirmary Road, Dublin 7
☎ +353 (0)1 858 8500 🖷 +353 (0)1 642 7406 www.dppireland.ie